**Parlaimint na hEorpa**
2019-2024

*An Coiste um Buiséid*

**2023/2058(INI)**

21.9.2023

# TUAIRIM

ón gCoiste um Buiséid

chuig an gCoiste um Ghnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta

maidir le ról an bheartais cánach in aimsir ghéarchéime
(2023/2058(INI))

Rapóirtéir don tuairim: Valérie Hayer

PA_NonLeg

## MOLTAÍ

Iarrann an Coiste um Buiséid ar an gCoiste um Ghnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta, mar an coiste atá freagrach, na moltaí seo a leanas a ionchorprú ina thairiscint i gcomhair rúin:

1. á chur in iúl gur toisc chobhsaíochta iad beartas infheistíochta bhuiséad AE agus a chlárú ilbhliantúil, rud a chabhraíonn lena áirithiú nach gcuireann luaineacht timthriallta eacnamaíocha agus cora chun donais náisiúnta isteach ar infheistíochtaí fadtéarmacha áirithe a chuireann leis an bhfás, leis an athléimneacht eacnamaíoch agus leis an gcóineasú eacnamaíoch, agus leis an aistriú glas, agus a chuireann borradh faoin bhfostaíocht chobhsaí;

2. á mheabhrú go n-áirítear i gcóras acmhainní dílse an Aontais cheana féin sásraí is féidir a mheas mar chobhsaitheoirí uathoibríocha measartha le linn géarchéimeanna neamhshiméadracha, eadhon an acmhainn dhílis atá bunaithe ar cháin bhreisluacha agus an acmhainn dhílis atá bunaithe ar an ollioncam náisiúnta; á athdhearbhú gur gá lánurraim a thabhairt d’amlíne an treochláir atá ceangailteach ó thaobh dlí maidir le hacmhainní dílse nua a thabhairt isteach, atá i gceangal le Comhaontú Idirinstitiúideach an 16 Nollaig 2020[1], lena n-áirítear cáin ar idirbhearta airgeadais a thabhairt isteach ar leibhéal an Aontais; ag tathant ar an gCoimisiún, thairis sin, leanúint dá iarrachtaí acmhainní dílse úra, nua, agus fíor más féidir, agus foinsí ioncaim eile a shainaithint do bhuiséad AE cé is moite den Chomhaontú Idirinstitiúideach;

3. á chur in iúl gur oth léi nach bhfuil bealaí éifeachtacha agus láithreacha ag an Aontas faoi láthair chun dul i ngleic le neamhionannas agus le baol na bochtaineachta, lena n-áirítear trí ioncam a athdháileadh idir cáiníocóirí aonair nó teaghlaigh phríobháideacha le linn géarchéime, mar gheall ar a inniúlachtaí srianta maidir le cánachas díreach agus beartais shóisialta, chomh maith le méid theoranta a bhuiséid ghinearálta; á chur i bhfáth go bhfuil gá le hinniúlachtaí feabhsaithe AE agus le cinnteoireacht níos éifeachtúla agus níos daonlathaí i mbeartas cánach AE, lena n-áirítear tríd an aistriú chuig vótáil trí thromlach cáilithe faoin ngnáthnós imeachta reachtach;

4. á chur i bhfios go láidir go bhfuil dúshláin aeráide agus chomhshaoil ar scála agus práinn nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe seo roimh an Eoraip, agus go bhfuil na dúshláin chéanna roimh an gcuid eile den domhan freisin; á chur i bhfáth gur neartaíodh cumhdach agus cur i bhfeidhm an phrionsabail ‘gurb é údar an truaillithe a íocfaidh as’ san Aontas tríd an gCóras Trádála Astaíochtaí a uasghrádú ach go bhfuil sé ilroinnte fós, agus nach leor fós na hinfheistíochtaí sa réimse sin; ag tabhairt dá haire go bhféadfaí an t-ioncam is gá a chur ar fáil do rialtais chun aghaidh a thabhairt ar an ngéarchéim costais maireachtála agus ar neamhionannais, agus chun seirbhísí poiblí ardcháilíochta a mhaoiniú, chomh maith le gníomhú ar son na haeráide, forbairt inbhuanaithe agus freagairtí daonnúla, trí sheachaint cánach corparáide ar mórscála a chomhrac ar bhealach níos éifeachtúla;

[1] Comhaontú Idirinstitiúideach an 16 Nollaig 2020 idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach maidir leis an smacht buiséadach, le comhar in ábhair bhuiséadacha agus le bainistíocht fhónta airgeadais, agus maidir le hacmhainní dílse nua, lena n-áirítear treochlár i dtreo acmhainní dílse nua a thabhairt isteach (IO L 433 I, 22.12.2020, lch. 28).

5. á mheas gur cheart aon sásra cánachais ar an leibhéal Eorpach a cheapadh go hiomchuí chun teitheadh caipitil a sheachaint, ionas go n-áirithítear cothroime cánach agus go rannchuidítear le neamhionannais a leigheas, seachas an bonn cánach a laghdú; á mheabhrú, chuige sin, gur gá tionchar na digiteála ar shoghluaisteacht na mbonn cánach a chur san áireamh; á iarraidh ar an gCoimisiún measúnú a dhéanamh ar chleachtais chánach dhíobhálacha chun daoine aonair a bhfuil glanfhiúchas ard acu a mhealladh chuig na Ballstáit;

6. á iarraidh go ndéanfaí cuid d'aon ioncam a ghintear as sásraí buana cánachais a chuirtear ar bun ar leibhéal AE a thabhairt isteach mar acmhainní dílse, chun feidhm chobhsaíochta bhuiséad AE a fheabhsú agus tosaíochtaí beartais AE a chistiú; á chur in iúl gur geal léi an ranníocaíocht dlúthpháirtíochta shealadach ó tháirgeoirí breoslaí iontaise, a chomhaontaigh an Chomhairle; ag tabhairt dá haire go bhfuil 'barrachas brabús' déanta le déanaí ag earnálacha eile, amhail an tionscal agrai-bhia, an tionscal airgeadais agus an tionscal cógaisíochta, agus go bhféadfaí sásra dlúthpháirtíochta a bheartú, dá bhrí sin, d'earnálacha a bhfuil brabúis mhíchuí agus iomarcacha fabhraithe acu; á mheas gur cheart don Choimisiún agus don Chomhairle measúnú leanúnach a dhéanamh ar an gcaoi ar cheart aon ioncam cánachais a eascraíonn as sásraí géarchéime sealadacha nua a iontráil i mbuiséad AE (bíodh sé sin mar acmhainní dílse nó mar ioncam eile); ag tabhairt dá haire gur cheart go rachadh buiséad AE chun tairbhe do thomhaltóirí agus do ghnólachtaí, go háirithe chun tacú le teaghlaigh leochaileacha agus le fiontair bheaga agus mheánmhéide;

7. á mheabhrú gur baineadh úsáid leanúnach as buiséad AE mar uirlis freagartha in aimsir ghéarchéime; á iarraidh ar an gCoimisiún agus an Chomhairle fiosrú a dhéanamh ar an bhféidearthacht maidir le sásraí bhuiséad AE maidir le caiteachas agus ioncam a úsáid mar ionstraimí freagartha agus chun críoch athdháilte le linn géarchéimeanna siméadracha agus neamhshiméadracha, gan aon dochar a dhéanamh do na beartais agus do na cláir atá ann cheana; á iarraidh, ina leith sin, go mbeadh ionstraim speisialta bhuan bhreise ann de bhreis ar uasteorainneacha an chreata airgeadais ilbhliantúil chun go mbeidh buiséad AE in ann oiriúnú ar bhealach níos fearr do ghéarchéimeanna agus do na héifeachtaí sóisialta agus eacnamaíocha atá acu ar a Bhallstáit agus freagairt orthu go tapa.

## FAISNÉIS MAIDIR LE GLACADH SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| | |
|---|---|
| **Dáta an ghlactha** | 20.9.2023 |
| **Toradh na vótála críochnaithí** | +: 24<br>–: 2<br>0: 5 |
| **Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Rasmus Andresen, Pietro Bartolo, Olivier Chastel, David Cormand, Pascal Durand, Eider Gardiazabal Rubial, Alexandra Geese, Vlad Gheorghe, Valérie Hayer, Eero Heinäluoma, Monika Hohlmeier, Moritz Körner, Joachim Kuhs, Camilla Laureti, Margarida Marques, Siegfried Mureşan, Victor Negrescu, Dimitrios Papadimoulis, Karlo Ressler, Bogdan Rzońca, Eleni Stavrou, Nils Torvalds, Nils Ušakovs |
| **Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Anna-Michelle Asimakopoulou, Martin Hojsík, Jan Olbrycht, Grzegorz Tobiszowski |
| **Comhaltaí ionaid faoi Riail 209(7) a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Asim Ademov, Estrella Durá Ferrandis, Daniel Freund, Ralf Seekatz |

## VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| 24 | + |
| --- | --- |
| PPE | Asim Ademov, Anna-Michelle Asimakopoulou, Siegfried Mureşan, Jan Olbrycht, Karlo Ressler, Ralf Seekatz |
| Renew | Olivier Chastel, Vlad Gheorghe, Valérie Hayer, Martin Hojsík, Nils Torvalds |
| S&D | Pietro Bartolo, Estrella Durá Ferrandis, Pascal Durand, Eider Gardiazabal Rubial, Camilla Laureti, Margarida Marques, Victor Negrescu, Nils Ušakovs |
| The Left | Dimitrios Papadimoulis |
| Verts/ALE | Rasmus Andresen, David Cormand, Daniel Freund, Alexandra Geese |

| 2 | - |
| --- | --- |
| ID | Joachim Kuhs |
| Renew | Moritz Körner |

| 5 | 0 |
| --- | --- |
| ECR | Bogdan Rzońca, Grzegorz Tobiszowski |
| PPE | Monika Hohlmeier, Eleni Stavrou |
| S&D | Eero Heinäluoma |

Eochair do na siombailí a úsáidtear:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh